LGCSB

An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Collaboration

Excellence

Technical Service

Clár Ábhair

Réamhrá agus Comhthéacs 5

Baill an Bhoird 2008/2009(*Grianghraif*) 10

Tuarascáil an Ghrúpa um Fheidhmiú an Athbhreithnithe 11

An Rannóg Seirbhísí Custaiméara 16

Seirbhísí Gnó 18

Seirbhísí Oibríochtaí 26

Taighde agus Ailtireacht 28

Seirbhísí Corparáideacha 30

Réamhrá agus Comhthéacs

Tháingthas ar chomhaontú le hearnáil na nÚdarás Áitiúil in 2008 maidir le treo nua don Bhord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil. Bhí Grúpa Feidhmithe i gceannas ar an bplé maidir leis an treo nua seo, ag tógáil ar na moltaí sa tuarascáil *"Athbhreithniú an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil"* ón C.B.C.C. a foilsíodh i Meán Fómhair 2006. Bhí an tUasal Joe McGrath *(Bainisteoir Cathrach na Gaillimhe*) ina chathaoirleach ar an nGrúpa Feidhmithe in éineacht le baill eile, an tUasal Owen Keegan *(Bainisteoir, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin*), an tUasal John Dempsey *(Ceann Airgeadais, Comhairle Contae Chill Chainnigh*), an tUasal Brian Curtis *(Bainisteoir Feidhmiúcháin TFC, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath*) agus an tUasal John Forde *(Ceann na gCóras Faisnéise, Comhairle Contae Laoise*). Bhí an-mheas ar obair an Ghrúpa ó thaobh soiléire agus cinnteacht a thabhairt don ról agus don tábhacht a bheidh ag an earnáil amach anseo chun an Bord a fheidhmiú go héifeachtach.

Ina óráid buiséid i mí Dheireadh Fómhair 2008, d'fhógair an tAire Airgeadais, an tUasal Brian Lenihan T.D., go raibh athbhreithniú déanta ag an Rialtas ar an gclár díláraithe i bhfianaise na gcúinsí eacnamaíochta athraithe. Shocraigh sé go mbeadh gá ann an scála ama chun an clár a chur i bhfeidhm a athmheas agus go raibh cinntí maidir le cathain a chuirfear dílárú i bhfeidhm ar roinnt gníomhaireachtaí, lena n-áirítear aistriú an BSRRÁ go Droichead Átha, á gcur siar ag feitheamh athbhreithnithe in 2011.

Chomh maith leis sin, d'fhógair an tAire go raibh sé i gceist ag an Rialtas líon na gcomhlachtaí agus na ngníomhaireachtaí stáit a chuíchóiriú agus a laghdú. Fad agus a bhaineann sé leis an BSRRÁ, shocraigh sé an Bord a chumasc leis an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Cuireadh tús leis an obair chun cumasc an dá Bhoird a phleanáil in 2008 agus leanfar leis i rith na bliana 2009.

Bhí ról mór ceannasaíochta ag an BSRRÁ i raon leathan tionscnamh TFC in 2008:

- I réimse na pleanála, ghlac an Bord ról ceannasaíochta maidir le maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmiú céimneach an chórais Ranníocaíochtaí Forbartha Pleanála nua. Is í príomhghné an chórais seo ná comhéadan gan bhriseadh a sholáthar idir an Córas Riaracháin Pleanála *(iPlan)* agus an Córas Bainistíochta Airgeadais *(Agresso)*. Is iad seo an dá tháirge is mó a úsáidtear sna hEarnálacha Pleanála agus Airgeadais in Údaráis Áitiúla na hÉireann. I mí Lúnasa 2008, chuir an BSRRÁ tús le feidhmiú céimneach feidhmchláir nua bunaithe ar an nGréasán *(EDEN)* le cúnamh a thabhairt chun sonraí comhshaoil a dháileadh;

sonraí maidir le cáilíocht an uisce óil, uisce aibhneacha agus folctha go príomhúil. Is féidir le húdaráis áitiúla sonraí comhshaoil a chur isteach chuig stór lárnach sonraí anois, rud a chuireann ar chumas na n-údarás áitiúil sonraí a roinnt eatarthu féin, idir Ceantair Abhantraí agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

- Ar feadh na bliana 2008, bhí an Bord i gceannas ar an tionscadal chun córas AD, Párolla agus Aoisliúntais nua a sholáthar, a chumrú agus a chur i bhfeidhm sa 27 comhairle cathrach agus contae agus na comhairlí baile a ghabhann leo. Tá an Bord agus an earnáil an-bhuíoch as iarrachtaí na suíomhanna píolótacha agus bailíochtaithe *(Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Luimnigh, Comhairle Contae Shligigh agus Comhairle Contae na hIarmhí)* agus éascóidh sé seo feidhmiú céimneach an chórais sna hÚdaráis eile de réir mar a leanann an tionscadal ar aghaidh.

Agus muid ag cur ár ról i gcrích, feidhmíonn an BSRRÁ le díograis, tiomantas agus obair chrua a chuid fostaithe agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl as a dtacaíocht agus a ndíograis i rith na bliana. Táim an-bhuíoch as comhoibriú agus tacaíocht na nÚdarás Áitiúil, na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, Stiúrthóirí Seirbhíse agus Ceannairí na gCóras Faisnéise freisin.

- Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil freisin le Cathaoirleach an Bhoird atá ag fágáil, an tUasal Tom Dowling *(Bainisteoir Contae na Mí)*, agus na baill atá ag fágáil, an tUasal Ray O'Dwyer (*Bainisteoir Contae Phort Láirge*), an tUasal Joe McGrath (*Bainisteoir Contae na Gaillimhe*), Catherine Curley Uasal (*an Roinn Airgeadais*), an tUasal Frank Gallagher (*an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil*) agus an tUasal John Kelleher (*an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil*).

Joseph Nugent
Stiúrthóir

Peter Carey
Cathaoirleach

Ráiteas Misin

Tá sé mar aidhm againn le caighdeán, tiomantas agus forbairt leanúnach na foirne atá againn, gurb é BSRRÁ an comhpháirtí a roghnóidh na hÚdaráis Áitiúla agus iad ag soláthar seirbhísí den scoth tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide laistigh de Chreat Shochaí Náisiúnta na Faisnéise.

Baill an Bhoird 2008/2009 (Grianghraif)

Tá Cathaoirleach agus deichniúr gnáthbhall ar an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil a bunaíodh i 1975.

Ceapann Comhairle an Bhoird ochtar ball, ainmníonn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil beirt bhall, agus ainmníonn an tAire Airgeadais ball amháin.

Bíonn téarma oifige trí bliana ag baill an Bhoird de ghnáth.

Ba hiad baill an Bhoird don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008 ná:

An tUasal Peter Carey,
Bainisteoir Contae,
Comhairle Contae Laoise (Cathaoirleach)

An tUasal Owen Keegan,
Bainisteoir Contae,
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

An tUasal Tom Mackey,
Bainisteoir Cathrach,
Comhairle Cathrach Luimnigh

An tUasal Philip Maguire,
Bainisteoir Cathrach Cúnta,
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

An tUasal Tim Caffrey,
Bainisteoir Contae,
Comhairle Contae an Longfoirt

An tUasal Joe Horan,
Bainisteoir Contae,
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

An tUasal Eddie Breen,
Bainisteoir Contae,
Comhairle Contae Loch Garman

An tUasal Pat Gallagher,
Bainisteoir Contae,
Comhairle Contae Uíbh Fhailí

An tUasal Laurence Kelly,
Príomhoifigeach,
an RCORÁ

An tUasal Paul McDonald,
Príomhoifigeach,
an RCORÁ

An tUasal Enda Holland,
Príomhoifigeach Cúnta,
an Roinn Airgeadais

Tuarascáil an Ghrúpa um Fheidhmiú an Athbhreithnithe

Cúlra

D'aithin Bord an BSRRÁ agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach *(C.B.C.C.)* go bhfuil athrú ollmhór tagtha ar an earnáil ghnó agus phoiblí agus, go háirithe, ar an timpeallacht TFC ó bunaíodh an BSRRÁ an chéad lá riamh agus cuireadh tús le hathbhreithniú ar fheidhmiú an Bhoird dá bharr. Chuimsigh an tuarascáil ina dhiaidh sin "Athbhreithniú ar an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Aitiúil" *(12 Meán Fómhair, 2006)* moladh gur chóir tabhairt faoi athbhreithniú breise, níos mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí lárnacha an Bhoird agus ar na meicníochtaí faoina ndéantar táille a ghearradh as seirbhísí an Bhoird.

I mí Feabhra 2007 cheap an C.B.C.C. grúpa le tabhairt faoin obair seo: An tUasal Joe McGrath *(Bainisteoir Cathrach na Gaillimhe, an tUasal Owen Keegan (Bainisteoir, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin)*, an tUasal John Dempsey *(Ceann Airgeadais, Comhairle Contae Chill Chainnigh)*, an tUasal Brian Curtis *(Bainisteoir Feidhmiúcháin TFC, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)* agus an tUasal John Forde *(Ceann na CF, Comhairle Contae Laoise)*.

Thuairiscigh an Grúpa in 2008 agus glacadh lena bhfuair siad amach ag cruinniú de Chomhairle Boird an BSRRÁ i mí na Bealtaine 2008.

Fuair an Grúpa amach nár léirigh scála feidhmithe an Bhoird a thimpeallacht oibriúcháin reatha, a bhfuil athrú agus forbairt tagtha air ó bunaíodh an BSRRÁ den chéad uair. D'fhonn éilimh tháirgeachta fheabhsaithe an Rialtais a chomhlíonadh, glacadh leis go mbeadh gá athscrúdú a dhéanamh ar struchtúr an BSRRÁ lena chinntiú go gcuirtear seirbhísí ar fáil d'earnáil na n-údarás áitiúil ar an mbealach is éifeachtúla agus is éifeachtaí agus is féidir. D'aithin an Grúpa coincheap de sheirbhísí lárnacha a chuirfidh an Bord ar fáil do gach údarás áitiúil agus an dara sraith seirbhísí a n-íocfar astu bunaithe ar "de réir mar a úsáidtear iad". Rinne an Grúpa sraith moltaí eile maidir le cúrsaí airgeadais agus ceisteanna a bhaineann le soláthar seirbhíse.

Moltaí an Ghrúpa:

Ag feitheamh ar an bpróiseas comhairliúcháin a chur i gcrích agus roimh athstruchtúrú an Bhoird timpeall ar sheirbhísí lárnacha/dara sraithe, moladh roinnt bearta a bhaineann le hairgeadas:

a. Cuirfear teorainn le muirear na bliana 2008 do gach údarás lena chinntiú nach mbeidh ar údarás áitiúil ar bith méadú níos mó ná 10% de mhuirear na bliana 2007 a íoc.

b. Ní bheadh aon mhéadú ar mhuirear údarás ar bith don bhliain 2009 thar 2008. Ciallaíonn sé seo go mbeidh laghdú beag ar an muirear iomlán don earnáil do na trí bliana 2007, 2008 agus 2009.

c. Chun an mheicníocht mhuirearaithe seo a bhaint amach, leanfaidh an Bord lena bheartas gan folúntais a líonadh agus tabharfar isteach scéim um luath-scor do bhaill foirne.

d. Déanfaidh an Stiúrthóir bainistíocht ar an bpróiseas athstruchtúraithe timpeall ar an sainmhíniú nua de sheirbhísí lárnacha/dara sraithe agus déanfaidh sé tuairisc maidir le dul chun cinn ag cruinnithe míosúla an Bhoird agus CCBA.

Gheobhaidh athstruchtúrú an Bhoird thart ar sheirbhísí lárnacha agus dara sraithe treoir ón méid seo a leanas:

a. Leagfar béim ar ‘sheirbhísí’ chomh maith le ‘táirgí’.

b. Cuimseoidh coincheapa comhordaithe agus comhoiriúnachta na gcóras agus na sonraí an méid seo a leanas:

- Aitheantas go gcuireann an BSRRÁ luach leis an bpróiseas comhordaithe nach féidir leis an earnáil phríobháideach a sholáthar;
- Go n-oibríonn an córas Rialtais Áitiúil laistigh de ‘earnáil’ a théann níos faide ná na húdaráis áitiúla iad féin le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais srl. a bhíonn ag idirghníomhú leis na húdaráis áitiúla ar bhonn laethúil a thógáil san áireamh;
- Is é an cuspóir uileghabhálach ná an t-idéal de chórais chomónta agus de chineálacha cur chuige comónta a chur chun cinn. Mar gheall ar dhifríochtaí suntasacha i méid na n-oibríochtaí, na bpróiseas gnó agus na dtosaíochtaí maidir le seirbhísí a fhorbairt i measc údaráis áitiúla, áfach, caithfear a aithint go bhfuil agus go mbeidh teorainneacha i gcónaí leis an bhféidearthacht atá ann córais agus cineálacha cur chuige comónta a bhaint amach.

- Ní féidir forbairt na gcóras T.F. a scaradh amach ó na próisis ghnó lena bhfuil siad deartha chun tacaíocht a thabhairt dóibh. Leis an idéal de chórais/chineálacha cur chuige comónta a bhaint amach, táthar ag brath ar ailíniú ginearálta na bpróiseas gnó laistigh den earnáil. Tá ról féideartha ag an BSRRÁ ó thaobh athbhreithniú agus ailíniú na bpróiseas gnó.

c. Meastar gurb iad seo a leanas seirbhísí lárnacha an Bhoird:

- Caighdeáin, comh-inoibritheacht agus creatlach comhtháthaithe comónta a chur chun cinn;
- Comhairle agus taighde a sholáthar maidir le forbairtí nua;
- Úsáid na gcleachtas is fearr a scaipeadh agus a chosaint;
- Ionadaíocht ar an earnáil rialtais áitiúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus idirchaidreamh le codanna eile den tseirbhís phoiblí;
- A áirithiú go mbeidh ról lárnach ag an rialtas áitiúil maidir le beartas TFC an Rialtais a sheachadadh;
- Seirbhísí comónta a sholáthar;
- Costais chun tús a chur le tionscadail suas chomh fada leis an gcéim tairisceana/measúnaithe tionscadail, agus an chéim sin san áireamh; agus
- Seirbhísí speisialtóireachta a theastaíonn le bonneagar na seirbhísí roinnte comhaontaithe a bhainistiú.

d. Ba chóir na táirgí seo a leanas a choinneáil mar tháirgí lárnacha:

- sraith táirgí an Chláir Toghthóirí *(m.sh. i-Reg, e-Reg)*;
- an tsraith táirgí Pleanála *(m.sh. I-Plan, g-Plan, RFP)*;
- HOME *(go dtí go ndéanfar Córas Comhtháite Tithíochta a fhoinsiú)*; agus

- Táirgí reatha a bhíonn in úsáid ag ar a laghad 60% de na húdaráis áitiúla ar feitheamh straitéis a fhorbairt do gach táirge *(d'fhéadfadh athchat-agóiriú an táirge sa dara tsraith nó scor iomlán an táirge a bheith i gceist leis seo)* laistigh d'amchlár comhaontaithe. Beidh na táirgí atá fágtha nach bhfuil sa chatagóir seo ina dtáirgí dara sraithe agus íocfaidh gach údarás áitiúil atá á n-úsáid astu ar bhonn pro rata. Nó ina áit sin, ba chóir éirí as na táirgí sin go hiomlán.

Scálaí Ama

D'aithin an Grúpa go dtógfadh sé am an t-aistriú a dhéanamh chuig struchtúr eagraíochtúil nua chun na seirbhísí lárnacha/dara sraithe a chur ar fáil agus go mbeadh comhairliúchán ann faoi idir feidhmeannas an BSRRÁ agus ionadaithe foirne. Táthar ag súil go gcuirfear an próiseas ath-eagrúcháin seo i bhfeidhm i gcéimeanna. Cuireadh tús leis an obair chun an struchtúr nua seo a sholáthar go déanach in 2008 agus leanfaidh sé ar aghaidh in 2009.

Athruithe Eagraíochtúla

Tar éis do Chomhairle an Bhoird an Tuarascáil a ghlacadh chuir an Stiúrthóir struchtúr eagraíochtúil nua i láthair Bhord an BSRRÁ agus do bhaill foirne.

Ba iad na prionsabail a bhí mar fhothaca leis an struchtúr nua a cuireadh i láthair ná:

- Tuarascáil an Ghrúpa Feidhmithe;
- An gá a bhí ann ina dhiaidh sin méid na heagraíochta a athrú;
- Struchtúir a bhí ann roimhe seo a mheas;
- An gá a bhí ann tús a chur le próiseas chun cothromaíocht a fháil arís idir líon na mbainisteoirí agus na bhfeidhmeannach;
- Struchtúr a mheas a d'athródh le bheith bunaithe ar riachtanais ghnó agus ní ar na daoine aonair atá fostaithe faoi láthair;

- Bheadh an struchtúr ag féachaint ar ghníomhaíochtaí lárnacha agus déanfar gníomhaíochtaí dara sraithe a mheas astu féin.

- Ullmhaíodh an struchtúr roimh an struchtúr nua a thiocfadh chun cinn i ndiaidh chumasc an Bhoird leis an mBord Seirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Athraíodh na freagrachtaí ag leibhéal an Stiúrthóra Cúnta le cúnamh a thabhairt leis an aistriú chuig an struchtúr nua: An tUasal Donal Singleton *(Seirbhísí Gnó)*, an tUasal Tim Willoughby *(Taighde agus Ailtireacht)*, an tUasal John Murray *(Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí Oibríochtaí)*, Claire Gilligan Uasal *(Cur Chuige Táirgí is Seirbhísí/Straitéis Amach Anseo)* agus Roma Hegarty Uasal *(Seirbhísí Custaiméara)*.

Faoin struchtúr nua athróidh an bord ó leibhéal foirne faofa de 107 ball foirne go 73 a bheidh fostaithe ar ghníomhaíochtaí lárnacha. Déanfar scrúdú ar an gceist faoi cén méid a bheidh ag teastáil chun seirbhísí dara sraithe a sheachadadh ag tógáil riachtanais na gníomhaíochta seo san áireamh.

Níl iomarcaíocht neamhdheonach ar bith beartaithe leis an athrú chuig an líon athbhreithnithe seo. I rith na bliana 2008, lean an Bord ar aghaidh lena bheartas gan folúntais a líonadh agus rinneadh scéim um luathscor a thairiscint do bhaill foirne. Leanfaidh dul chun cinn maidir le haistriú chuig an struchtúr nua seo ar feadh na bliana 2009 agus ina dhiaidh sin.

An Rannóg Seirbhísí Custaiméara

Bainistíocht Chuntais na gCustaiméirí

I rith na bliana 2008 bhunaigh an Rannóg Seirbhísí Custaiméara struchtúr foirmiúil bainistíochta cuntas agus leanadh ar aghaidh leis an gcéad babhta de chuairteanna ar údaráis áitiúla. Is é an cuspóir atá leis an struchtúr foirmiúil bainistíochta cuntas ná a chinntiú go mbeidh ailíniú agus caighdeánú níos mó idir pleananna oibríochtúla BSRRÁ agus údaráis áitiúla agus pointe amháin teagmhála a éascú d'údaráis áitiúla le ceisteanna a fhormhéadú nuair is gá.

Grúpa CCF

Mar a rinneadh blianta roimhe seo, lean an BSRRÁ ar aghaidh ag cur Grúpa Cheann na gCóras Faisnéise de na húdaráis áitiúla chun cinn agus á éascú i rith na bliana. I rith na bliana 2008, eagraíodh cúig chruinniú den Ghrúpa CCF san iomlán agus éascaíodh cruinnithe na bhfoghrúpaí agus na bhfochoistí éagsúla freisin.

Comhdháil TFC do 2008

D'eagraigh an BSRRÁ an Chomhdháil TFC 2008 do bhaill foirne TFC na n-údarás áitiúil le cúnamh ón nGrúpa Oiliúna CCF. Eagraíodh an chomhdháil thar trí lá i mBéal Átha na Sluaighe agus bhí limistéar mór taispeántais mar chuid de, áit a raibh táirgí agus seirbhísí ar taispeáint ag go leor díoltóirí. Thug an chomhdháil deis do bhreis is 80 ball foirne TFC líonrú lena gcomhghleacaithe TFC ó údaráis áitiúla eile.

Bhí roinnt seisiún iomlánach ag an gComhdháil freisin chomh maith le dhá shruth ar leithligh, Forbairt Feidhmchláir/CRM/CFG agus Bonneagar/Líonrú.

Ionad Bainistíochta Eolais – IBE

Tá an chuid seo freagrach go príomhúil as tacaíocht, cur i bhfeidhm, cothabháil agus oiliúint a chur ar fáil maidir le roinnt táirgí BSRRÁ lena n-áirítear:

- An Clár Toghthóirí
    - iReg *(córas an Chláir Toghthóirí)*
    - eReg *(córas fiosrúcháin ar líne an Chláir Toghthóirí)*

- Párolla
    - Tacaíocht Bogearraí
- Inlíon Ginearálta
    - Costais
    - Saoire
- Córais Faisnéise Geografaí
    - gPlan
    - PlaniGIS
    - MapUploader
    - Tacaíocht ghinearálta CFG
    - CFG Bruscair

I réimse an párolla, cuirtear comhairliúchán maidir le próiseáil ag deireadh na bliana cánach ar fáil chomh maith le ceardlanna a eagrú ina ndéanann na Coimisinéirí Ioncaim, an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Phríomh-Oifig Staidrimh roinnt cur i láthair.

Ba í príomhthosaíocht na foirne san IBE ar feadh na bliana 2008 ná tacaíocht thráthúil chúirtéiseach d'ardchaighdeán a chur ar fáil d'ár gcustaiméirí.

Táthar ag súil go leathnófar ról an IBE in 2009 chun freastal ar thacaíocht agus ar chothabháil a dhéanamh ar líon méadaithe feidhmchlár agus seirbhísí.

Seirbhísí Gnó

Soláthar

Tugann an fhoireann soláthair comhairle agus cúnamh don BSRRÁ, d'údaráis áitiúla agus do chomhlachtaí poiblí eile maidir le cúrsaí soláthair lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana agus bainistíocht conartha náisiúnta agus AE.

Bhí obair na foirne sa chéad leath den bhliain 2008 dírithe beagnach go hiomlán ar na Creataí Náisiúnta TFC, ar ainmníodh an BSRRÁ ina Bhainisteoir Conartha air in 2006. I rith na bliana 2008 bhí ceithre Chomhaontú Náisiúnta i bhfeidhm: PCanna, Ríomhairí Glúine, Printéirí Léasair Daite agus Printéirí Léasair Monacrómach. Le chéile, bhí bonn custaiméirí féideartha de 5,500 comhlacht poiblí ag na comhaontuithe lena n-áirítear ranna rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí stáit, scoileanna agus FSS agus a cuid comhlachtaí cleamhnaithe.

Chuimsigh an obair bhainistíochta conartha na comhaontuithe a chur chun cinn i measc an bhoinn custaiméirí, cabhrú le custaiméirí na torthaí is fearr a fháil ó na comhaontuithe, sonraíochtaí na dtáirgí caighdeánach a choinneáil suas chun dáta, aighneachtaí na ndíoltóirí a thástáil lena chinntiú go ndéanfaí muinín na gcustaiméirí sna comhaontuithe a choinneáil agus a chinntiú go raibh borradh ar an iomaíocht laistigh de na creataí.

I ndiaidh atheagrú a dhéanamh ar riarachán na gcreataí, tugadh an tSeirbhís Bainistíochta Conarthaí ar láimh don Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2008.

Sa dara leath den bhliain 2008, bhí an fhoireann ag obair chun próisis soláthair an Bhoird a dhoiciméadú le hathruithe suntasacha a thógáil san áireamh a d'eascair as na treoracha nua ón AE agus cás-dlí agus chun éifeachtúlacht na seirbhíse a fheabhsú. Chomh maith leis sin, lean an fhoireann ar aghaidh ag tabhairt comhairle agus cúnaimh d'údaráis áitiúla, go háirithe:

- Comhairle Contae Luimnigh maidir le tairiscint do sheirbhísí printéara.
- An grúpa SWISS *(Comhairle Cathrach Chorcaí agus Contae Chorcaí, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach Luimnigh agus Contae Luimnigh)* maidir le tairiscint criptithe.
- Comhairle Cathrach Phort Láirge maidir le tairiscint le haghaidh Córas Íocaíochtaí Tithíochta.

- Comhairle Contae Loch Garman maidir le tairiscint le haghaidh córas nua fóin.

Bhí taithí na foirne thar a bheith luachmhar chun comhairle agus cúnamh a chur ar fáil dá gcomhghleacaithe sa BSRRÁ maidir le:

- Creat seirbhísí TFC a bhunú thar ceann an BSRRÁ
- Comhaontaithe creata a bhunú a bhaineann le crua-earraí bonneagair seirbhísí comhroinnte, a leanfaidh ar aghaidh sa bhliain 2009.
- Doiciméid thairisceana a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt do Chórais Tithíochta agus cothabháil agus forbairt a dhéanamh orthu, a leanfaidh ar aghaidh sa bhliain 2009 freisin.

Tithíocht

In 2008 lean Fujitsu ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta do na seirbhísí tacaíochta dara leibhéal den fheidhmchlár HOME. Aistríodh soláthar na seirbhísí seo chucu i mí Mheán Fómhair 2007.

I rith na bliana 2008 ionchorpraíodh feabhsúcháin shuntasacha sa tionscadal HOME. I measc na bhfeabhsúchán seo bhí Stór Lárnach Tuairiscí a dhéantar a óstáil sa BSRRÁ. Leis an stór seo stóráiltear tuairiscí nua arna bhforbairt ag an bhfoireann tacaíochta go lárnach agus bíonn deis ag gach úsáideoir rochtain a fháil orthu tríd an bhfeidhmchlár HOME.

D'éascaigh an réiteach HOME tuairisceáin an Mheasúnaithe Riachtanais Tithíochta leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil freisin; rinneadh tuairiscí cúltaca éagsúla ag tabhairt tacaíochta do na staitisticí a bhí ar fáil laistigh de na tuairisceáin.

I ndiaidh uasghrádú mór ar an réiteach HOME a raibh feabhsúcháin a d'iarr an Grúpa Úsáideoirí HOME mar chuid de, rinneadh athbhrandáil ar an táirge athchóirithe mar iHouse. I ndiaidh treoirthionscadail i gComhairle Contae Dhún na nGall, cuireadh tús leis an bhfeidhmiú céimnithe chuig na suíomhanna eile sa cheathrú ráithe de 2008.

I mí na Bealtaine 2008 bunaíodh Bord um Chlár Tithíochta nua chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na tacaíochta TFC i réimse na tithíochta. Tá Bainisteoir Contae ar an mBord mar chathaoirleach chomh maith le seachtar Stiúrthóirí Tithíochta agus ionadaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Comhshaol – *EDEN (Líonra Malartaithe Sonraí Comhshaoil*

Chuaigh an feidhmchlár EDEN, malartán láraithe faisnéise do shonraí monatóireachta comhshaoil, beo i mí Lúnasa 2008. Is féidir le húdaráis áitiúla sonraí comhshaoil a chur isteach chuig stór lárnach sonraí anois, rud a chuireann ar chumas na n-údarás áitiúil sonraí a roinnt i measc na bpáirtithe ar fad atá údaraithe le haghaidh monatóireacht comhshaoil a dhéanamh. Tá an bhéim ar shonraí a chaithfear a thuairisciú chun críche reachtaíochta m.sh. cáilíocht an uisce óil, cáilíocht uisce in aibhneacha agus cáilíocht uisce folctha. Ón mbliain 2009 ar aghaidh déanfar na tuairisceáin reachtúla do shonraí cáilíochta uisce leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil trí EDEN.

Cuireadh uirlis iompórtála/easpórtála *(LIXIE)* ar fáil do na húdaráis áitiúla a úsáideann córas bainistíochta faisnéise saotharlainne *(CBFS)* an BSRRÁ, LabInfo, chun sonraí a mhalartú gan uaim trí EDEN. Cuireadh Teimpléad Malartaithe Sonraí *(TMS)* ar fáil do ghníomhaireachtaí aonair a bhaineann úsáid as CBFS eile seachas LabInfo chun a n-idirghníomhú le EDEN a éascú.

Ina measc siúd a bhaineann leas as an gcóras EDEN agus a chuireann sonraí leis tá údaráis áitiúla, an GCC, Ceantair Abhantraí, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Talmhaíochta, saotharlanna príobháideacha, foras na mara, an Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Sláinte.

CFG – *Feidhmchlár Inlín Spásúil (FIS)*

Is Córas Faisnéis Geografaí inlín *(CFGi)* atá san Fheidhmchlár Inlín Spásúil *(FIS)* atá in ann sonraí le tagairtí geografacha a bhailiú, a láimhsiú agus a thaispeáint d'údaráis áitiúla. Téann an FIS in ionad an fheidhmchláir reatha, an Brabhsálaí Corparáideach. Déanann an FIS tacair sonraí bonneagair, comhshaoil, sóisialta, eacnamaíochta agus pleanála a chomhtháthú agus forleagtar na sonraí spásúla ar léarscáiliú veicteora agus rastair OSi sa chúlra.

Cuireadh forbairt ar leagan 1.3 i gcrích go luath sa bhliain 2008, agus tá FIS suiteáilte anois i seacht n-údarás áitiúil déag. Is féidir an feidhmchlár a lainseáil ó nasc ar leathanach baile an Inlín agus cuireann sé ar chumas baill foirne na n-údarás áitiúil ar fad amharc ar shonraí, fiosrúcháin a dhéanamh, tabhairt faoi anailís spásúil, tuairiscí a chur le chéile, léarscáileanna a phriontáil agus gabháil sonraí simplí a dhéanamh ó gach cuid den Chomhairle in aon fheidhmchlár amháin. Meastar go bhfuil idir 30 agus 200 nó níos mó ball foirne ag úsáid an fheidhmchláir i ngach údarás áitiúil *(baill foirne teicniúla agus neamhtheicniúla araon)*.

Córais agus Seirbhísí Pleanála

Tugann an fhoireann phleanála tacaíocht do réitigh TFC agus déantar iad a chothabháil le pleanáil na bpróiseas agus na nósanna imeachta sreafa oibre a úsáidtear a optamú chun seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha a chur ar fáil i gcomhréir leis an reachtaíocht phleanála.

Áirítear iad seo a leanas ar an tsraith táirgí atá ar fáil faoi láthair:

- iPlan - Córas Riaracháin d'Iarratais Phleanála
- ePlan – áis rianaithe Idirlín d'Iarratais Phleanála
- PrePlan – an clár Comhairliúcháin Réamhphleanála
- qReg - Clár Cairéal
- Forfheidhmithe – monatóireacht ar fhorbairtí neamhúdaraithe

Cuireadh feidhmiú céimneach leagan leasaithe den táirge ePlan i gcrích i rith na bliana 2008. Cuireann an leagan nua seo ar chumas an úsáideora na comhaid phleanála do roinnt údarás pleanála a cheistiú go comhuaineach. Taispeántar dul chun cinn na n-iarratas go 'grafach' freisin ó fhaightear iad go dtí go ndéantar cinneadh fúthu agus tá gnéithe inrochtaineachta feabhsaithe ann.

Caitheadh méid suntasach acmhainní freisin chun anailís, dearadh agus forbairt a dhéanamh ar an gcóras Ranníocaíochtaí Forbartha Pleanála *(RFP)* i gcomhar le Calyx, príomhfhorbróirí an táirge.

Déanann an córas na ceadanna pleanála ar fad a bronnadh a ghabháil go huathoibríoch chomh maith leis an bhfaisnéis maidir le ranníocaíochtaí forbartha a ghabhann leo. Tá áis ann chun sonrasc a sheoladh chuig na forbróirí oiriúnacha agus cruthaíonn sé féichiúnaí go huathoibríoch sa Chóras Bainistíochta Airgeadais. Cuireann an tsraith seo de chórais chomhtháite an fhaisnéis ar fad ar fáil atá ag teastáil chun an t-airgead ar fad atá dlite a phróiseáil, a rialú agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Tá athruithe ar phróisis áitiúla gnó ag teastáil freisin mar chuid de chur i bhfeidhm an chórais seo.

Chuir an BSRRÁ Bord Tionscadail RFP ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú céimneach an chórais nua. Tugann an Bord seo tuairisc do Bhord an BSRRÁ agus do chruinnithe míosúla Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach. D'ullmhaigh an Bord Tionscadail cairt chláir don tír ar fad agus leagadh amach amchlár uaillmhianach bliana leis an bhfeidhmiú céimneach a chur i gcrích. Ba í Comhairle Contae Laoise an chéad údarás chun an córas nua a úsáid agus leag a n-iarrachtaí suntasacha amach an bealach do na hÚdaráis Áitiúla eile chun an córas a chur i bhfeidhm. Leanfar ar aghaidh le feidhmiú céimneach an chórais i rith na bliana 2009

An Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais

Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo ná córas comhtháite AD, Párolla agus Aoisliúntais nua a sholáthar, a chumrú agus a chur i bhfeidhm sna seacht chomhairle cathrach agus contae is fiche agus sna comhairlí baile a ghabhann leo.

Tá na modúil seo a leanas ag an gcóras nua, atá curtha ar fáil ag Core International *(cuideachta atá bunaithe in Éirinn lena ceannoifig i gCorcaigh)*, agus cuirfear i bhfeidhm iad sna húdaráis áitiúla ar fad atá ag glacadh páirte in dhá chéim mar a leagtar amach thíos.

Céim 1

Struchtúr Eagraíochtúil, AD agus Tuairisceáin Roinne

- Párolla
- Saoire
- Am agus Tinreamh

- Aoisliúntas
- Earcaíocht
- Féinseirbhís na bhFostaithe *(FSF)* agus Féinseirbhís na mBainisteoirí (FSB)

Céim 2

- Oiliúint
- Bainistíocht Feidhmíochta *(CBFF)*
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Caidreamh Tionsclaíoch
- Comhlíonadh Rialála, Eitic, Comhionannas, Iompar srl
- Aitheantas agus Slándáil

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith na bliana 2008. Is iad na príomhrudaí a baineadh amach ná:

- Córas cumraithe a tháirgeadh ag teacht leis na próisis optamaithe gnó comhaontaithe a úsáidfear sna húdaráis áitiúla.
- Rinne ionadaithe ón trí shuíomh píolótacha *(Ciarraí, an Mhí agus Dún na nGall)* agus ón trí shuíomh bailíochtaithe *(Contae Luimnigh, Sligeach agus an Iarmhí)* 'Tástáil um ghlacadh feidhmiúil' ar na modúil cumraithe.
- Rinne na suíomhanna píolótacha agus bailíochtaithe faoi seach 'Tástáil um ghlacadh na n-úsáideoirí' ar na modúil le bheith ullamh chun dul beo.
- Chuaigh modúl an struchtúir eagraíochtúla (an bhunchloch don réiteach comhtháite) beo sna húdaráis áitiúla i gCiarraí, Dún na nGall, Luimneach, Sligeach agus sa Mhí.
- Chuaigh modúl an phárolla beo i gCC Chiarraí

Cuireadh imscrúdú i gcrích maidir leis an gcás gnó chun an réiteach a óstáil go lárnach in ionad óstála an BSRRÁ thar ceann na n-údarás áitiúil. De thoradh an imscrúdaithe seo mhol an bord tionscadail an cur chuige seo. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an áis a chur ar fáil le go mbeifear in ann óstáil láraithe a dhéanamh ar an bhfeidhmchlár. Beidh an áis ar fáil le húsáid faoin uair a bheidh an chéad sraith suíomhanna eile ann ar an 1 Aibreán 2009.

Airgeadas agus Gnó

Baineann tríocha comhairle cathrach agus contae agus na comhairlí baile a ghabhann leo úsáid as an gcóras bainistíochta airgeadais Agresso anois. In 2008, dhírigh an chuid is mó den obair sa réimse seo ar bhuntáiste a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla ón bhfeidhmiúlacht reatha a úsáid agus trí fheidhmiúlacht nua a chur ar fáil.

Eagraíodh ceardlann feidhmchlár gnó i mí Dheireadh Fómhair 2008 i Luimneach agus bhí slua maith de bhaill foirne na n-údarás áitiúil atá ag obair sa réimse airgeadais i láthair agus bhí ceardlann teicniúil Agresso ar siúl i mí an Mheithimh 2008 sa Mhuileann gCearr don ghrúpa CCF agus do bhaill foirne TFC. Bhí tinreamh maith ag an dá cheardlann le baill foirne ó na húdaráis áitiúla, Calyx agus an BSRRÁ ag déanamh cur i láthair difriúla le rannpháirtíocht ghníomhach ón lucht féachana.

I ndiaidh Grúpa Oibre Tuairiscithe a bhunú ina bhfuil úsáideoirí Agresso ó seacht n-údarás áitiúil difriúla, eagraíodh sraith ceardlann in 2008 le hionchur a chur ar fáil maidir le dearadh agus inneachar de thacar nua tuairiscí bainistíochta. Cuireadh tús le feidhmiú céimneach na mbogearraí nua chuig suíomhanna nua agus reatha i rith na bliana 2008 agus tá sé le cur i gcrích in 2009.

Is é RCS V4 an leagan is déanaí de RCS *(Córas Bailiúcháin Ioncaim)* agus cuireadh i bhfeidhm é i gComhairlí Contae Laoise agus Bhaile Átha Cliath Theas. Rinne Calyx forbairt ar fheabhsúcháin a d'aithin CC Laoise agus rinneadh iad a thástáil agus cuireadh bailchríoch orthu i Laois i Ráithe 4 na bliana 2008. Is réamhriachtanas bunúsach é RCS V4 don fheidhmchlár Ranníocaíochtaí Forbartha Pleanála *(RFP)* agus tá sé i gceist feidhmiú céimneach RCS V4 a sceidealú i ngach suíomh sula ndéanfar feidhmiú céimneach ar RFP. Cuirfidh sé seo ar chumas úsáideoirí an fheidhmiúlacht nua a shuiteáil, a thástáil agus dul i gcleachtadh uirthi sula gcuirfear RFP i bhfeidhm.

I measc na feidhmiúlachta nua/bhfeabhsaithe eile a forbraíodh in 2008 bhí Agresso IntellAgent, Modúl Cánach *(4.3)*, bogearraí Annual Financial Statement 2008, Ordú Ceannaigh *(PDF)*, bogearraí d'Fhaoiseamh Cánach ag an bhFoinse agus Cosaint Úinéireachta/Morgáiste Roinnte. Leanfaidh cur i bhfeidhm na feidhmiúlachta seo ar aghaidh sa bhliain 2009.

Déantar Cairt Chaighdeánach Cuntas a choinneáil d'Údaráis Áitiúla. Déanann an BSRRÁ iarratais ar athruithe a chomhordú agus tugtar chuig Grúpa Oibre na gCuntas Ginearálta ansin iad le hathbhreithniú/faomhadh. Nuair a thugtar chun críche iad scaoiltear iad le cur i bhfeidhm. Comhaontaíodh athruithe don bhliain 2008 agus scaoilfear i mí Eanáir 2009 iad.

r-Íocaíochtaí

Ba bhliain rathúil eile í 2008 don táirge BSRRÁ r-Íocaíochtaí ar líne. Cuireadh i bhfeidhm é i níos mó ná 40 suíomh do níos mó ná 36 seirbhís difriúla, idir fíneálacha páirceála agus táillí imeartha i gcúrsaí gailf a íoc. Chomh maith leis sin, tá eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí ag úsáid an táirge anois, cosúil le hOifig na bPasanna agus an tSeirbhís Chúirteanna. B'fhiú níos mó ná 20 milliún luach na n-idirbheart a próiseáladh i rith na bliana 2008.

Seirbhísí Oibríochtaí

Seirbhísí Comhairliúcháin TFC

Oibríonn an fhoireann Líonra le seirbhísí lárnacha a chuirtear ar fáil do gach údarás áitiúil agus roinnt seirbhísí feabhsaithe a ndéantar ranníocaíocht bhreise dóibh. Tá an tacar seirbhísí a chuirtear ar fáil bunaithe ar chlúdach éigeandála riachtanach a sholáthar do bhonneagar náisiúnta, ionad barr feabhais a bhunú chun muinín a choinneáil agus caighdeáin a fhorbairt agus taighde a dhéanamh maidir le húsáid na gcleachtas is fearr.

Cuireadh raon leathan seirbhísí feabhsaithe ar fáil, idir iniúchtaí slándála réamhghníomhacha pleanáilte, aistriú agus nuashonrú sceidealaithe ar fhreastalaithe agus ar bhonneagar agus idirghabhálacha éigeandála maidir le ríomhphost, freastalaithe agus bonneagar. Ba í an tseirbhís ba mhó a raibh tóir uirthi a cuireadh ar fáil in 2008 ná an tAthbhreithniú Slándála atá deartha chun an t-údarás áitiúil a thabhairt chomh fada le Caighdeáin ISO 27001 do Bhonneagar. Clúdaíonn sé slándáil fisiciúil, líonraí, córais agus seirbhísí ilchineálacha cosúil le seirbhísí gan sreang.

I mí na Bealtaine 2008, d'eagraigh an fhoireann ceardlann sa Tulach Mhór do na húdaráis atá ina mbaill den ghrúpa Seirbhísí Feabhsaithe Líonra chun dul i ngleic le hábhar ar leith maidir le líonraí, tuairisc a thabhairt faoi dhul chun cinn agus tosaíocht a thabhairt do thionscadail nua.

Óstáil

Tá seirbhís óstála i bhfeidhm sa BSRRÁ ón mbliain 2001 i leith. Tá méadú seasta tagtha ar an éileamh ar an BSRRÁ seirbhís óstála d'ardchaighdeán a chur ar fáil i gcaitheamh na mblianta agus i rith na bliana 2007 cuireadh tús le próiseas tairisceana le háitreabh nua a fháil d'áis mhéadaithe. In 2008, fuarthas áiseanna in Ionad Óstála Leibhéal 4 ón Data Electronics Group, Cill Chairbre, Baile Átha Cliath Thiar. Tógadh bonneagar óstála agus déanfar na suíomhanna féideartha nua ar fad arna óstáil ag an BSRRÁ a óstáil anois san áis nua. Cuireadh tús le suíomhanna reatha a aistriú ó Theach an Fhionnuisce chuig an áis nua freisin in 2008. Tá an tseirbhís óstála ag freastal ar níos mó ná 500 suíomh idirlín agus na seirbhísí a ghabhann leo cosúil le tuairisciú anailíseach, cúltaca, slándáil agus monatóireacht 24 uair an chloig.

Seirbhísí Roinnte a Óstáil

Cuireadh tús le bonneagar óstála do sheirbhísí roinnte a phleanáil agus a thógáil san áis nua i gCill Chairbre go déanach in 2008. Bainfear úsáid an an mbonneagar seo ar dtús chun an córas comhtháite AD, Párolla agus Aoisliúntais nua a óstáil go lárnach. Cuirfear feidhmchláir óstáilte eile leis in imeacht aimsire, rud a dhéanfaidh costais a laghdú d'earnáil na n-údarás áitiúil.

Seirbhísí SQL

Lean an BSRRÁ ar aghaidh leis an gComhaontú Seirbhíse leis na húdaráis áitiúla chun seirbhísí teicniúla a chur ar fáil, idir tacaíocht maidir le Calyx agus bunachar sonraí SQL. I measc na hoibre leanúnaí i gcaitheamh na bliana bhí tacaíocht do bhunachar sonraí Agresso, r-Íocaíochtaí, ePlan, eReg, iReg, iDocs agus gPlan. Tá tacaíocht maidir le seirbhísí SQL agus bunachar sonraí ag dul ar aghaidh freisin mar aon le réimsí gnó eile an BSRRÁ cosúil le hIompar agus óstáil gréasáin. Cuireadh tús le tionscadal in 2008 chun ardán bhunachar sonraí SQL ar a dtógtar feidhmchláir agus córais BSRRÁ a uasghrádú. Leanfaidh an tionscadal seo ar aghaidh in 2009.

LAN inmheánach agus Taighde Eagraíochtúil

Tá an beartas chun ríomhairí deisce a athsholáthar sa BSRRÁ ar bun go leanúnach. Cuireadh roinnt córas agus seirbhísí i bhfeidhm le fáil agus iontaofacht na Líonraí Achair Logánta *(LAN)* a chinntiú agus an t-ualach oibre maidir le bainistíocht ríomhairí an BSRRÁ a laghdú. Áirítear leo siúd:

- Uasghrádú ar chóras ríomhphoist an BSRRÁ go Exchange 2007 ar bhonn píolótach agus é ar intinn feidhmiú céimneach a dhéanamh air don eagraíocht ar fad.

- Córas cumarsáide idir-BSRRÁ a chur i bhfeidhm, Office Communications Server *(OCS)*. Cuireann an córas seo ar chumas baill foirne BSRRÁ dul i mbun cumarsáide lena chéile le teachtaireachtaí meandracha, fuaim, físeáin agus barr deisce a roinnt. Baineann an córas úsáid as an gcoincheap maidir le "láithreacht", a thaispeánann an fháil atá ar bhall foirne ag am ar bith. Is féidir gach glao gutháin a bhainistiú tríd OCS freisin. Rinneadh an córas a thriail i roinnt údarás áitiúil.

Cuireadh roinnt tionscnamh i bhfeidhm chun costais a laghdú chomh maith le tionscnaimh ghlasa trí gach meaisín cliaint a mhúchadh san oíche agus fíorúlú a thabhairt isteach ar fhreastalaithe ar an LAN.

Taighde agus Ailtireacht

Chaith an fhoireann Taighde agus Ailtireachta an chuid is mó den bhliain 2008 ag nuashonrú agus ag atheagrú táirgí lárnacha an BSRRÁ ón mbonn teicneolaíochta níos sine a bhí acu chuig na teicneolaíochtaí is déanaí. Bhí atheagrú ar fheidhmchláir agus ar réitigh bhunachar sonraí chun leas a bhaint as slándáil níos fearr agus gnéithe níos éifeachtúla i dteicneolaíochtaí cosúil le Microsoft SQL 2005 agus Microsoft Reporting Services i gceist leis an obair seo.

Baineadh amach na buntáistí a bhí le hardán fíorúlaithe don timpeallacht forbartha agus tástála. Bhí éifeachtúlachtaí sa timpeallacht oibre inmheánach dá bharr. Scaoil an tionscadal cuíchóirithe cóid agus freastalaithe roinnt freastalaithe, agus bhí laghdú suntasach ar fhuinneamh dá bharr chomh maith le bainistíocht ama níos fearr.

Rinne an fhoireann forbartha caighdeánú ar an modh chun córais a sheachadadh leis an bpróiseas forfheidhmithe a dhéanamh níos éasca freisin. Cuireann an próiseas athraithe feidhmchláir nua ar fáil le suiteáil ag baint úsáide as comhéadain le draoithe.

An Clár Toghthóirí

Tugadh faoi thionscadal atheagraithe mór ar chóras an Chláir Toghthóirí iReg in 2008. Bhí an chuid is mó den obair dírithe ar fheidhmeanna a bhain le cruthú tuairiscí agus giniúint litreach an fheidhmchláir. Tugadh faoin tionscadal chun an leibhéal ard tacaíochta a bhí ag teastáil chun an feidhmchlár reatha a chothabháil ar theicneolaíochtaí níos sine atá níos déine ar acmhainní a laghdú. Chinntigh an tionscadal seo freisin go mbeadh an feidhmchlár lonnaithe ar na hardáin TF atá ag athrú sna húdaráis áitiúla.

Tá an BSRRÁ freagrach go lárnach as córas láidir athléimneach atá iontaofa go hiomlán a chur ar fáil chun Clár na dToghthóirí a oibriú. Chinntigh an tionscadal seo go gcomhlíonann feidhmchlár an Chláir an cuspóir seo tríd an bhfeidhmchlár a chur i bhfeidhm ar ardán comhaimseartha leis an teicneolaíocht is déanaí. Rinneadh forbairt ar roinnt fréamhshamhlacha a raibh raon teicneolaíochtaí i gceist leo, agus roghnaíodh an ceann ab oiriúnaí díobh le cur i bhfeidhm.

Athruithe ar Theorainn Toghroinne Luimnigh

Rinneadh athruithe ar Theorainn Toghroinne Luimnigh i mí an Mhárta 2008. Aistríodh toghcheantar iomlán ó Chontae Luimnigh isteach sa Chathair.

Rinne an BSRRÁ nós imeachta um aistriú sonraí a fhorbairt chun aistriú na dtoghthóirí ó chóras Chlár Toghthóirí Chontae Luimnigh go Cathair Luimnigh a éascú. Bhí sé ríthábhachtach sa phróiseas seo sláine bhunachar sonraí Chlár Toghthóirí an Chontae agus na Cathrach araon a chinntiú agus na príomhchaidrimh a ghiniúint chun an tsláine thagrach a athchruthú ar na sonraí a iompórtáladh.

Seirbhísí Corparáideacha

Bíonn an Bord ag brath ar sheirbhísí tacaíochta thar roinnt réimsí chun a sheirbhísí lárnacha bunaithe ar TFC a chur ar fáil. Cuireann baill foirne sa Rannóg Seirbhísí Corparáideacha raon seirbhísí tacaíochta ar fáil a chlúdaíonn feidhmeanna riaracháin, dlíthiúla, AD agus airgeadais.

Tá rannóg AD an Bhoird freagrach as gach gné den fheidhm Acmhainní Daonna a chur ar fáil. Is iad na príomhchúraimí atá uirthi ná oiliúint agus forbairt foirne, leas na foirne, caidreamh tionsclaíoch, earcaíocht, bainistíocht feidhmíochta agus forbairt agus aoisliúntas. Cuireann an Bord comhionannas chun cinn trí chinntiú go gcaitear le fostaithe go cothrom agus aithníonn sé an ceart atá ag gach fostaí caitheamh leo le dínit. Tá sé tiomanta a áirithiú go gcuirtear timpeallacht shlán oibre ar fáil do gach fostaí.

In 2008, chuir an fhoireann Acmhainní Daonna an fhorbairt ar chreatlach Straitéise Oiliúna i gcrích atá mar fhothaca leis an gcoincheap maidir le rudaí a bhaint amach trí dhaoine. Chomh maith le hoiliúint TFC a chur ar fáil don fhoireann theicniúil, rinneadh oiliúint a thairiscint i réimsí ar nós sláinte agus sábháilteacht, scileanna boga agus airgeadas. Bhain níos mó ná 10% den fhoireann leas as beartas cúnaimh oideachasúil an Bhoird agus cuireadh thart ar 500 lá oiliúna ar fáil don fhoireann san iomlán i rith na bliana.

Is meicníocht éifeachtach é an próiseas comhpháirtíochta sa Bhord ionas gur féidir le baill foirne cur leis an gcaoi a oibríonn an Bord. Tá ionadaithe ón gceardchumann, ón bhfoireann agus ón mbainistíocht ar an gcoiste.

Cloíonn an BSRRÁ an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus cuireann baill foirne sna Seirbhísí Corparáideacha na seirbhísí tacaíochta oiriúnacha ar fáil. Tugadh éifeacht reachtúil do bhunú an BSRRÁ faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil *(Comhlachtaí Corpraithe)* 1971 faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil *(Comhlachtaí Corpraithe) (Orduithe a Dhaingniú)* 2008.

Chloígh an Bord lena chuid oibleagáidí faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise agus rinneadh 2 iarratas a láimhseáil in 2008. Tugadh faoi roinnt iniúchtaí inmheánach chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta ceannaigh, caiteachas ar chártaí creidmheasa agus muirir óstála gréasáin an Bhoird.

Clár Ábhair

Athbhreithniú Airgeadais 35

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird 36

Tuarascáil an Iniúchóra 37

Beartais Chuntasaíochta 38

Cuntas Ioncaim & Caiteachaisdon
Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2008 40

Cuntas Leithghabhála Ioncaim & Caiteachais
Don Bhliain Dar Críoch an 31 Nollaig 2008 41

Cuntais Airgeadais Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2008 42

Cuntais Airgeadais Ráiteas faoi Shreabhadh
Airgid don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008 43

Cuntais Airgeadais Nótaí Leis Na Cuntais 44

Aguisín 1 49

Athbhreithniú Airgeadais

D'oibrigh an Bord le buiséad faofa €9,695,644 in 2008. Chomh maith leis sin, fuarthas ioncam €6,227,422 i dtaca le tionscadail maoinithe, oiliúna agus gníomhaíochtaí eile.

Tá barrachas €208,517 sna cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008, rud a mhéadaigh Cuntas an Chúlchiste Ginearálta ag deireadh na bliana 2008 go €2,958,965.

Ba é €256,659 an infheistíocht i Sócmhainní Seasta sa bhliain, méadú ó €175,801. Bhí dímheas de €257,951 ann in 2008 *(€200,740 in 2007)* agus b'fhiú €122,666 *(€121,876 in 2007)* na haisíocaíochtaí ar iasachtaí téarmacha.

Mar chomhlacht poiblí cloíonn an Bord le ceanglais an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 agus chinntigh sé go gcomhlíonann a bheartas íocaíochta agus a nósanna imeachta ceanglais an Achta. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí déanacha in 2008 agus is é an méid úis a íocadh ná náid.

Tá staid airgeadais an Bhoird ag deireadh na bliana sásúil.

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

Éilíonn Alt 7*(12)* den Ordú Bunaithe, 1975 ar an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach arna fhaomhadh ag an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Agus na ráitis sin á n-ullmhú, geallann an Bord:

- Beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- Breithiúnais agus measúnaithe a dhéanamh atá réasúnta agus críonna;
- Na ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil ag feidhmiú;
- Aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá sé de dhualgas ar an mBord leabhair chuntasaíochta chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 7*(12)* den Ordú Bunaithe, 1975. Tá na leabhair seo lonnaithe ag ceanncheathrú an Bhoird, Teach an Fhionnuisce, 27 Bóthar Conyngham, Baile Átha Cliath 8. Tá sé de dhualgas freisin ar an mBord sócmhainní an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil a chosaint agus mar sin céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Thar ceann an Bhoird:

Peter Carey,
Cathaoirleach

Tom Mackey,
Leaschathaoirleach

Tuarascáil an Iniúchóra

Peter F Christian
An tIniúchóir Rialtais Áitiúil
Dáta:

Beartais Chuntasaíochta

1. Bunús Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ar bhonn fabhraithe agus iad i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, a mholann an Bord um Chaighdeáin Chuntasaíochta, de réir mar a tháinig siad in éifeacht.

2. Sócmhainní Seasta

Sonraítear Sócmhainní Seasta ag costas lúide dímheas carntha. Ríomhtar an dímheas ar bhunús líne dírí chun costas sócmhainní seasta a dhíscríobh thar bheatha mheasta a n-úsáideachta. Baintear sócmhainní seasta a bhfuil dímheas iomlán gearrtha orthu ón gcostas carntha agus ó na figiúirí dímheasa araon a chuirtear i láthair i sceideal na Sócmhainní Seasta (Nóta J leis na Cuntais) ach coinnítear ar Chlár na Sócmhainní Seasta iad.

Cuirtear na rátaí dímheasa seo a leanas i bhfeidhm:

- Áitreabh Ruílse 2%
- Feistis & Fearais 10%
- Ríomhairí agus Trealamh Coimhdeacha 33%
- Troscán agus Trealamh Oifige 10%
- Trealamh Oiliúna 20%

3. Beartas Aitheanta agus Muirearaithe Ioncaim

Is é príomhfhoinse ioncaim an Bhoird ná ranníocaíochtaí a dhéanann údaráis áitiúla. Aithnítear ioncam sa bhliain lena dtagraítear na ranníocaíochtaí. De réir mar a theastaíonn faoin Ordú Bunaithe, cinneann Bord an Bhoird Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil beartas muirearaithe a ghlacadh ó am go chéile.

Bíonn ioncam eile a fhaightear ag tagairt do mhuirir a bhaineann le tionscadal ar leith.

4. Aoisliúntas

Cuirtear asbhaintí aoisliúntais chun sochair ioncaim, i gcomhréir leis an gcleachtas sna húdaráis áitiúla. Gearrtar íocaíochtaí pinsin bliantúla faoin scéim ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a tharlaíonn siad. Gearradh íocaíochtaí cnapshuime pinsin ar an gCúlchiste Speisialta ó 1999 i leith.

5. Tuarastail

Baineann tuarastail bhaill foirne an Bhoird le scálaí tuarastail a íoctar le Gráid na n-údarás áitiúil.

6. Léasanna

Baintear suimeanna faoi léasanna oibriúcháin chuig Ioncam agus Caiteachas de réir mar a bhíonn siad dlite. Bíonn léasanna oibriúcháin ann i leith cíos oifigí réigiúnacha agus trealamh oifige. Níl léasanna airgeadais ann.

7. An Cúlchiste Speisialta

Bunaíodh an Cúlchiste Speisialta i 1999 le soláthar a dhéanamh d'íocaíochtaí cnapshuime d'fhostaithe a bheidh ag dul ar scor amach anseo. Cuirtear ranníocaíochtaí chuig ciste fiachmhúchta na n-údarás áitiúil chun sochair an Chúlchiste Speisialta. Léiríonn an Cuntas Infheistíochta, a thaispeántar faoi shócmhainní reatha, na suimeanna a fuarthas lúide eisíocaíochtaí, a dhéantar a infheistiú don chuspóir seo.

CUNTAIS AIRGEADAIS

CUNTAS IONCAIM & CAITEACHAIS
DON BHLIAIN DAR CRÍOCH an 31 Nollaig 2008

IONCAM	Nótaí	2008	2007
		€	€
Ranníocaíochtaí na nÚdarás Áitiúil	(A)	9,349,969	9,526,771
Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe		345,675	397,894
Ioncam Eile	(B)	6,227,422	5,627,265
Ioncam Iomlán		**15,923,066**	**15,551,930**
CAITEACHAS			
Tuarastail, Pá & Pinsin		6,889,491	6,586,029
Foireann Comhairliúcháin & Conartha		564,958	1,141,598
Costais Pearsanra		9,072	64,816
Taisteal & Cothú		211,757	223,471
Oiliúint & Oideachas		247,277	351,089
Costais Ríomhaireachta	(C)	5,536,508	4,805,295
An Bord, Fochoistí & Meithleacha Oibre	60,461	45,049	
Teileafón & Postas		104,459	122,735
Priontáil & Stáiseanóireacht		45,806	70,443
Táillí Gairmiúla		88,994	113,796
Leabharlann & Suibscríbhinní		44,806	26,481
Árachas		32,157	31,816
Ús & Muirir Bainc		12,458	21,485
Cóiríocht	(D)	840,094	655,939
Ilchostais		17,351	30,192
Dímheas		257,951	200,740
Costais Chiste Inlín na nÚdarás Áitiúil		539,093	539,093
Scéim VER		211,856	-
Caiteachas Iomlán		**15,714,549**	**15,030,067**
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain		**208,517**	**521,863**
Cúlchistí Ginearálta ag tús na bliana		**2,750,448**	**2,228,585**
		2,958,965	**2,750,448**

Peter Carey, Cathaoirleach

Joseph Nugent, Stiúrthóir CUNTAIS AIRGEADAIS

CUNTAS LEITHGHABHÁLA IONCAIM & CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH an 31 Nollaig 2008

	2008	2007
	€	€
Cúlchiste Ginearálta		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	2,750,448	2,228,585
Barrachas (Easnamh) don Bhliain	208,517	521,863
Aistriú chuig an gCúlchiste Speisialta	-	-
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	2,958,965	2,750,448
Cúlchiste Speisialta		
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2008	1,454,301	1,379,788
Ranníocaíochtaí Ciste Fiachmhúchta ó Údaráis Áitiúla	241,846	234,390
Ús ar Thaiscí	55,660	42,129
Íocaíochtaí Scoir	(17,583)	(202,006)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2008	1,734,224	1,454,301

CUNTAIS AIRGEADAIS
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2008

	Nótaí	2008	2007
		€	€
Sócmhainní Seasta	(J)	2,633,893	2,635,183
Sócmhainní Reatha:			
Airgead Tirim & Banc		4,365,033	4,172,278
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	(E)	1,406,490	1,773,107
Cuntas Infheistíochta		1,734,227	1,454,620
		7,505,750	7,400,005
Dliteanais Reatha:			
Creidiúnaithe & Fabhruithe	(G)	5,209,923	5,471,244
Iasacht Théarmach	(F)	126,974	126,974
		5,336,897	5,598,218
Glansócmhainní Reatha		2,168,853	1,801,787
Dliteanais Fadtéarmacha:			
Iasacht Théarmach - os cionn 12 mí	(F)	109,557	232,221
Glansócmhainní		**4,693,189**	**4,204,749**
Maoinithe ag:			
Cúlchistí			
Cúlchiste Ginearálta		2,958,965	2,750,448
Cúlchiste Speisialta		1,734,224	1,454,301
		4,693,189	**4,204,749**

Peter Carey, Cathaoirleach **Joseph Nugent, Stiúrthóir**

CUNTAIS AIRGEADAIS
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2008

	2008	2007
	€	€
Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Barrachas don Bhliain ar an gCúlchiste Ginearálta	208,517	521,863
Barrachas don Bhliain ar an gCúlchiste Speisialta	279,923	74,513
Dímheas	257,951	200,740
(Méadú) Laghdú ar Fhéichiúnaithe	366,617	(661,059)
Méadú (Laghdú) ar Chreidiúnaithe	(261,321)	2,193,803
	851,687	2,329,860
Gníomhaíochtaí Infheistíochta		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a fháil	(256,659)	(175,801)
Fáltais ó Shócmhainní Seasta Inláimhsithe a dhíol	-	-
Aisíocaíochtaí ar Iasacht Théarmach	(122,666)	(121,876)
	(379,325)	(297,677)
Insreabhadh / (Eis-sreabhadh) Iomlán Airgid	**472,362**	**2,032,183**
Méadú (Laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		
Airgead sa Bhanc & ar láimh	192,755	1,918,605
Infheistíochtaí Gearrthéarmacha	279,607	113,578
	472,362	**2,032,183**

CUNTAIS AIRGEADAIS NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

(A) Muirir Ghinearálta na nÚdarás Áitiúil

I gcomhréir leis an mBeartas Muirearaithe Athbhreithnithe cuireadh na Muirir Bhunúsacha, Innealtóireachta agus Tobhaigh le chéile in 2004 i muirear Ginearálta amháin le húdaráis áitiúla.

	2008	2007
	€	€
Muirir Ghinearálta	9,349,969	9,526,771

(B) Ioncam Eile

	2008	2007
	€	€
EDEN	66,727	168,742
Tionscadail Innealtóireachta	333,923	493,354
Lárionad Sonraí an Rialtais	1,412,573	843,224
Seirbhísí LA	290,000	-
AD, Párolla & Aoisliúntas	1,169,997	282,128
Tionscadail an AE	25,137	26,742
r-Sholáthar	501	3,439
r-Íocaíochtaí	494,891	373,972
Tithíocht Chomhtháite	858,917	1,312,589
Córas Bainistíochta Doiciméad	18,320	-
Mobhaile	1,997	88,319
Comhaontú Seirbhíse CBA	211,660	130,556
Córas Bainistíochta Teagmhála	6,360	-
Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA)	991,197	1,252,972
Seirbhís Tairisceana Náisiúnta & AE	43,953	51,314
Seirbhísí Teicniúla FIS	34,928	34,928
Caiteachas Athghearrtha	76,491	83,808
Ioncam Eile	66,736	357,228
Deontas Inrochtaineachta	15,000	30,000
Chemdata	69,064	51,381
Ioncam Oiliúna	39,050	42,569
	6,227,422	**5,627,265**

(C) Costais Ríomhaireachta

	2008	2007
	€	€
Crua-earraí Ríomhaireachta	411,782	310,301
Bogearraí Ríomhaireachta, Ceadúnais & Tacaíocht	2,160,804	3,078,109
Costais Phróiseála Ar Líne	397,530	338,766
Soláthairtí Ríomhaireachta	116,144	124,598
Móideimí & Línte ar Léas		5,181
Tacaíocht Theicniúil Foinsithe Allamuigh	905,056	294,656
Forbairt Bogearraí ar Conradh	1,545,192	653,684
	5,536,508	**4,805,295**

(D) Costais Chóiríochta

	2008	2007
	€	€
Cíos & Rátaí	289,943	127,618
Solas & Teas	193,579	168,016
Seirbhísí	356,572	360,305
	840,094	**655,939**

(E) Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí

	2008	2007
	€	€
Féichiúnaithe	660,072	1,073,514
Réamhíocaíochtaí & Ioncam Fabhraithe	746,418	699,593
	1,406,490	**1,773,107**

(F) Iasacht Théarmach Bhainc

Tá áis iasachta téarmaí ann d'fhonn sealbhú agus athchóiriú Theach an Fhionnuisce a mhaoiniú. Ba é €236,531 an méid a bhí fós le híoc ar an 31 Nollaig 2008.

Tá an iasacht théarmach daingnithe ag gníomhas teidil Theach an Fhionnuisce a bheith i dtaisce le Banc AIB cpt

(G) Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2008	2007
	€	€
Creidiúnaithe - Trádáil	509,637	752,967
Fabhruithe agus Ioncam Réamhíoctha	4,700,286	4,718,277
	5,209,923	**5,471,244**

(H) Sócmhainní ar Léas

Caitear le léasanna i leith trealamh ríomhaireachta agus oifige mar léasanna oibriúcháin. Is mar seo a leanas atá na ceangaltais faoi na léasanna:

	2008	2007
	€	€
Léasanna a rachaidh in éag i gceann dhá bhliain go cúig bliana	25,686	25,686

(I) Ciste Fiachmhúchta - Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla

Léiríonn Cuntas an Chúlchiste Speisialta an Ciste Fiachmhúchta agus baintear íocaíochtaí cnapshuime pinsin le baill foirne atá ag dul ar scor as an gCuntas seo.

Ba é €241,846 an méid a chuir údaráis áitiúla ar fáil don chuspóir seo in 2008

(J) Sceideal na Sócmhainní Seasta

	Áitribh	Feistis & Fearais	Trealamh Ríomhaireachta	Trealamh & Troscán Oifige	Trealamh Oiliúna	Iomlán
COSTAS	€	€	€	€	€	€
Costas Carntha amhail an 01/01/2008	3,186,625	299,696	334,699	185,009	15,724	4,021,753
Costas na Sócmhainní Dímheasa		22,001	68,751	9,320	4,465	104,537
Breiseanna	-	2,911	212,853	36,511	4,384	256,659
Diúscairtí						-
Costas Carntha amhail an 31/12/2008	3,186,625	280,606	478,801	212,200	15,643	4,173,875
DÍMHEAS						
Dímheas Carntha amhail an 01/01/2008	845,829	224,001	207,439	98,559	10,740	1,386,568
Sócmhainní a bhfuil dímheas iomlán gearrtha orthu		22,001	68,751	9,320	4,465	104,537
Muirear don Bhliain	63,733	29,985	143,293	19,296	1,644	257,951
Diúscairtí						-
Dímheas Carntha amhail an 31/12/2008	909,562	231,985	281,981	108,535	7,919	1,539,982
Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31/12/2008	2,277,063	48,621	196,820	103,665	7,724	2,633,893
01/01/2008	2,340,796	75,695	127,260	86,450	4,984	2,635,185



Aguisín 1

Feidhmeanna an Bhoird

Bhunaigh an tAire Rialtais Áitiúil an Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil i mí Mheán Fómhair 1975 faoi ordú a rinneadh faoin Acht um Sheirbhísí Rialtais Áitiúil (Comhlachtaí Corpraithe), 1971.

Is iad feidhmeanna an Bhoird ná:

a. áiseanna ríomhaireachta (lena n-áirítear áiseanna a bhaineann le sonraí a ullmhú le hionchur i ríomhaire, ríomhchlárú ríomhaireachta, anailís agus dearadh córas, agus oibriú na n-áiseanna próiseála sonraí) a eagrú, a riar agus a sholáthar nó socruithe a dhéanamh chun iad a sholáthar d'údaráis áitiúla;

b. comhoiriúnacht a chomhordú agus a dhaingniú maidir le húsáid ríomhairí na n-údarás áitiúil tríd is tríd, agus é mar aidhm leis an úsáid is éifeachtaí a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil;

c. i gcúrsaí a bhaineann lena bhfeidhmeanna faoi mhíreanna (a) agus (b):

   i. oiliúint agus oideachas a sholáthar nó socrú a dhéanamh chun iad a sholáthar

   ii. taighde a dhéanamh, a chur chun cinn nó cabhrú le taighde a dhéanamh, agus

   iii. comhairle, faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil don Aire agus d'údaráis áitiúla.

d. suíomhanna idirlín a óstáil thar ceann na gcomhlachtaí sin a sonraítear sa Scéideal don Ordú um an mBord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (Bunú) (Leasú) 2004, nuair a bheidh óstáil mar sin féinmhaoinithe ar a laghad agus nach mbeidh laghdú ar bith ar éifeachtacht an Bhoird ó thaobh tabhairt faoina chuid dualgais faoi fho-airteagal (a), (b) agus (c) den airteagal seo dá bharr;

e. táirgí bogearraí a forbraíodh d'údaráis áitiúla faoi fho-airteagail (a), (b) agus (c) den airteagal seo a dhíol;

f. seirbhísí comhairliúcháin a chur ar fáil, i ndiaidh toiliú an Aire a fháil i scríbhinn, i leith táirge amháin arna fhorbairt nó arna úsáid ag an mBord faoi fho-airteagail (a), (b) agus (c) den airteagal seo nuair atá foráil mar sin faoi réir ag na coinníollacha seo a leanas;

   i. tabharfaidh an Bord don Aire, agus é ag lorg toiliú an Aire faoin bhfo-airteagal seo, ráiteas airgeadais agus plean forfheidhmithe do na seirbhísí comhairliúcháin beartaithe ina leagfar amach, inter alia, réasúnaíocht an togra, sonraí faoin gcaoi a chuirfear i bhfeidhm é agus réamh-mheastacháin maidir le hioncam agus caiteachas an togra, beidh soláthar seirbhísí comhairliúcháin féinmhaoinithe ar a laghad agus ní bheidh laghdú ar bith ar éifeachtacht an Bhoird tabhairt faoina chuid dualgais faoi fho-airteagal (a), (b) agus (c) den airteagal seo dá bharr, agus

   ii. comhlíonfaidh an Bord cibé coinníollacha a shonróidh an tAire

An Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil

Phoenix House
Conyngham Road
Dublin 8

The Innovation Works
National Technology Park
Limerick